2026/2235

5.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2235 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 30 Meán Fómhair 2026

lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 254 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige 26 Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta in éag an 31 Lúnasa 2025.

(2) I bhfianaise an mhéid sin, moladh Andria BUHAGIAR agus Ivan STOYNEV a cheapadh mar Bhreithiúna den Chúirt Ghinearálta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Andria BUHAGIAR agus Ivan STOYNEV a cheapadh do na poist sin don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2031.

(4) Thug an painéal a bunaíodh faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na daoine seo ina mBreithiúna den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2031:

— Andria BUHAGIAR,

— Ivan STOYNEV.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meán Fómhair 2026.

An tUachtarán

A. O'DONOGHUE